Gaelscoil Uí Chéadaigh, Bóthar Vevay, Bré, Co. Chill Mhantáin.

r-phost: oifig@gaelscoiluicheadaigh.ie suíomh gréasáin: http://www.gaelscoiluicheadaigh.ie

Guthán & Facs: 01-2865044 Príomhoide: Gearóidín Ní Bhaoill Uimhir Rolla: 20016D

Athoscailt na Scoile 26ú Lúnasa 2021

A Thuismitheoirí,

Tá súil againn go bhfuil sibh féin agus bhur bpáistí slán sábháilte. Táimid ag tnúth leis an scoil a athoscailt agus ár sárphobal scoile a athmhúscailt.

Táimid ag leanacht treoirlínte ón Roinn Oideachais agus Scileanna agus is féidir Plean Freagartha na Scoile a fháil ar ár suíomh idirlíne. Tá comhairle do thuismitheoirí le léamh agus foirm le líonadh ag tuismitheoirí sula bhfilleann na páistí. Seolaigí an fhoirm chun na hoifige: **oifig@gaelscoiluicheadaigh.ie roimh 26/08/2021.**

Tuilleadh eolais do thuimitheoirí agus do theaghlaigh le fáil ar https://www.gov.ie/en/publication/a04fc-advice-for-students-and-their-families/#

Cur i bhFeidhm

- Tagann gach páiste ar ais ar scoil.
- Oibríonn gach rang laistigh de chóras grúpála nó córas 'bolgán'.
- Tá rochtain ar chlós na scoile ag dhá rang ag an am le linn amanna sosa agus beidh marcanna i gclós na scoile (fanann páistí ar a dtaobh féin agus ní mheascann siad le ranganna eile).
- Beidh díghalrú láimhe ar fáil i ngach seomra ranga (góthach, leacht agus gallúnach).
- Is smaoineamh maith é go mbeadh a d(h)íghalrú láimhe féin (gan alcól) ag do pháiste ionas gur féidir leo díghalrú nuair is mian leo.

Dátaí agus amanna athoscailte

- Tiocfaidh gach rang ó Naíonáin Shinsearacha go Rang a Sé ar ais ar scoil ar an Déardaoin 26ú Lúnasa.
- Déanfar dhá leath-ghrúpa de Naíonáin Shóisearacha an chéad dá lá (Déardaoin 26ú agus Aoine 27ú), de réir na ríomhphoist aonair. Beidh Naíonáin Shóisearacha ar fad istigh ón Luan 30ú Lúnasa.
- Críochnóidh Naíonáin Shóisearacha ag 12.00 i.n. go dtí an Luan 13ù Meán Fómhair.
- Críochnóidh Rang a 1 ag 1.30 i.n. go dtí an Luan 6ù Meán Fómhair.

Amchláir do Ranganna - Cloígí leis na hamanna seo le bhur dtoil.

Am Tosaithe	Am Críochnaithe	Rang
8:50 r.n.	1:30 i.n.	Naíonáin 1 (i ndiaidh 13/09/21)
8:50 r.n.	2:30 i.n.	Rang 1 (i ndiaidh 06/09/21)
8:50 r.n.	2:30 i.n.	Rang 2
8:50 r.n.	2:30 i.n.	Rang 4
8:50 r.n.	2:30 i.n.	Rang 6
9:00 r.n.	2:40 i.n.	Rang 3
9:00 r.n.	2:40 i.n.	Rang 5
9:00 r.n.	1:40 i.n.	Naíonáin 2

Ar mhaithe le scaradh fisiciúil a chothabháil, beidh córas aontreo i bhfeidhm do gach duine.
Slí isteach go suíomh na scoile tríd **an ngeata coisithe**.
Slí amach ó shuíomh na scoile trí **príomhgheata na scoile**.

Tús an Lae

Beidh na treo shaigheada isteach/amach le feiceáil go soiléir ar an talamh ag an mbealach isteach chun na scoile. Iarraimid ar thuismitheoirí **gan teacht isteach** chuig láthair na scoile (seachas tuismitheoirí Naíonáin Shóisearacha agus Naíonáin Shinsearacha, atá cead acu seasamh sa líne lena bpáistí go dtí go scaoileann an múinteoir isteach a bpáiste). Táthar ag súil le scaradh fisiciúil de ar a laghad dhá mhéadar, idir gach duine sa líne. Iarrfar ar thuismitheoirí imeacht ó láthair na scoile agus gan teacht le chéile i ndiaidh dóibh na páistí a fhágáil, chun sruth trácht a dheimhniú. Níl cead ag tuismitheoirí/caomhnóirí teacht isteach i bhfoirgneamh na scoile.
Is féidir teachtaireachtaí do mhúinteoirí a sheoladh trí ríomhphoist/glaoch ar chur ar oifig na scoile. Cuirfimid in iúl daoibh nuair atá Seesaw ar fáil le húsáid.

Bealaí Isteach / Amach go Seomraí Ranga

Príomhdhoras	Rang 1
Príomhdhoras	Rang 2
Príomhdhoras	Rang 5
Doras dubh	Rang 4
Doras dubh	Rang 6
Doras dubh	Rang 3
Doras Naíonáin Shinsearacha	Naíonáin Shinsearacha
Doras Naíonáin Shóisearacha	Naíonáin Shóisearacha

Beidh maoir ann an chéad dá lá chun cuidiú leis an gcur i bhfeidhm.

Bailiú na bPáistí

Naíonáin Shóisearacha agus Naíonáin Shinsearacha: Is féidir le tuismitheoirí na naíonáin teacht isteach chuig clós na scoile chun a bpáistí a bhailiú ag doras a seomra ranga, fad is go gcloíann siad leis na cleachtais i leith scaradh fisiciúil. Ceadófar do pháistí dul faoi chúram duine fásta atá ann chun iad a bhailiú ar bhonn duine ar duine.

Rang a 1 agus Rang a 2: Tabharfaidh an múinteoir ranga cead do gach grúpa an seomra ranga a fhágáil i ndiaidh a chéile chun teagmháil a íoslaghdú. Is féidir le tuismitheoirí na bpáistí seo teacht isteach chuig clós na scoile chun a bpáistí a bhailiú, fad is go gcloíann siad leis na cleachtais i leith scaradh fisiciúil. Caithfidh gach dalta nach mbailítear filleadh ar a seomra ranga (áit go nglaoifidh an múinteoir ranga ar thuismitheoir/chaomhnóir – pléigh é seo le do pháiste sa mbaile, le do thoil).

Rang a 3 - 6: Tabharfaidh an múinteoir ranga cead do gach grúpa an seomra ranga a fhágáil i ndiaidh a chéile chun teagmháil a íoslaghdú. Fágfaidh na páistí seo suíomh na scoile go neamhspleách ar mhaithe le líon na ndaoine sa chlós a íoslaghdú. Caithfidh gach dalta nach mbailítear filleadh ar a seomra ranga (áit go nglaoifidh an múinteoir ranga ar thuismitheoir/chaomhnóir – pléigh é seo le do pháiste sa mbaile le do thoil).

Iarraimid ar na tuismitheoirí an scoil a fhágáil láithreach tar éis dóibh a bpáistí a fhágáil ar maidin agus a bhailiú tráthnóna.

Ar Maidin Fhliuch

Ceannaigh cótaí báistí, le bhur dtoil, agus gríosaigh na páistí chun iad a chaitheamh, muna bhfuil sé grianmhar, toisc go dtagann páistí go rialta gan cótaí agus moltar a oiread aer úr agus is féidir a fháil. Mar sin, muna bhfuil sé an-fhluich, táimid ag súil le dul amach sa chlós ag amanna sosa.

Bailiú na bpáistí i rith an lae scoile / i gcás éigeandála

- Caithfidh tuismitheoir / feighlí fásta glaoch a chur ar an oifig nó an t-idirchum a úsáid nuair a schroicheann siad priomhdhoras na scoile.
- Tabharfar an páiste chuig an doras.
- Iarrafar ar an duine fásta an páiste a shíniú amach, mar is gnáthchleachtas.
- Ní mór don duine fásta a lámha a dhíghalrú, masc a chaitheamh agus an 'Logleabhar um Rianú Teagmhálaithe' a líonadh, a bheidh ar fáil ag an mbealach isteach.

Éide Scoile / Culaith Spóirt

Cuirfidh an múinteoir in iúl roimh ré lá go mbeidh culaith spóirt ag teastáil ón bpáiste. Caithfear éide scoile gach lá eile.

Feighlíocht Iarscoile

Ní bheidh an seirbhís seo ar fáil do Naíonáin faoi láthair.

TCP (PPE)

Beidh Trealamh Cosanta Pearsanta á gcaitheamh ag foireann na scoile mar atá leagtha síos ag an Roinn Oideachais agus i gcomhréir leis na Treoirlínte. Beidh TCP cuí á gcaitheamh ag foireann atá ag freastal ar riachtanais chúraim ar leith nó atá ag tabhairt cóireáil garchabhrach idir lámhainní, mascanna agus scáthláin san áireamh. Beidh an fearas seo ar fáil d'fhoireann uile na scoile. Ba chóir do bhaill foirne atá sa Chatagóir "riosca" réamhchúram breise a thógáil sa chás seo.

Trealamh Pearsanta agus Boscaí Lóin

De réir mar atá sna leabharliostaí (ar shuíomh idirlíne na scoile), beidh méid áirithe leabhair agus trealaimh a bheidh le fágáil sa bhaile. Beidh cás pinn luaidhe le pinn, pinn luaidhe, pinn luaidhe daite, scriosáin srl ag teastáil – ceann don bhaile agus ceann don seomra ranga, ionas nach mbeidh gá trealamh a roinnt ar scoil. Cuirfidh an múinteoir ranga riachtanais faoi leith in iúl daoibh de réir is go leanfaimid ar aghaidh. Cuir ainm do pháiste ar a leabhair ar fad.

Cuirfear coimeadán ar fáil do Naíonáin Shóisearacha agus Naíonáin Shinsearacha chun pinn luaidhe/criáin srl an pháiste a choimead iontu agus beidh a n-ainmneacha orthu.

Málaí scoile: Níl siad seo ag teastáil faoi láthair, déanfaimid uasdátú ar seo fad is go leanfaimid ar aghaidh. Is féidir cás pinn luaidhe agus aon leabhair atá le tabhairt ar scoil le húsáid ar scoil a thabhairt isteach i mála plaisteach/mála páipéar donn, an chéad lá.

Boscaí Lóin: Tá sé riachtanach go mbeidh ainmneacha na bpáistí lipéidithe ar na boscaí lóin agus na buidéil uisce. Beidh spraeáil déanta ar na boscaí lóin agus na buidéil uisce, sa rang,sula n-úsáidtear iad.

Tá sé riachtanach go mbeidh fearas ranga áirithe le roinnt, taibléidí agus fearas a úsáidtear do ghníomhaíochtaí struchtúrtha agus súgartha sna seomraí naíonáin ina measc. Glanfar an fearas seo le ciarsúir antaiseipteacha agus earraí glantacháin eile go rialta, chun an riosca a bhaineann le scaipeadh an ionfhabhtú a íoslaghdú.

Ná ligigí do bhur bpáistí aon bhréagáin nó rudaí ar bith nach bhfuil riachhtanach a thabhairt ar scoil, le bhur dtoil.

Corpoideachas

Beidh ranganna corpoideachais ar siúl lasmuigh agus déanfar glanadh ar an bhfearas tar éis é a úsáid.

Clóis

Beidh na clóis maoirsithe ag múinteoirí ranga, múinteoirí tacaíocht foghlama agus cúntóirí riachtanas speisialta agus beidh na páistí ag súgradh ina ngrúpaí ranga. Tabharfar deis do na páistí ar fad a lámha a ní i ndiaidh gach briseadh. Beidh dhá rang (amanna difriúla sa sceideal) ag úsáid an clós ag an am. Beidh an clós roinnte amach ionas nach mbeidh na grúpaí ag meascadh

Tacaíocht Foghlama

Beidh meascán múineadh inranga agus lasmuigh den rang i bhfeidhm, ag tacú leis an bpolasaí scoile. Beidh na múinteoirí tacaíochta ag obair laistigh de theorainn an grúpa ranga. Nuair a bheidh múinteoir tacaíochta ag obair taobh le múinteoir ranga sa seomra ranga, ní mór don bheirt a bheith ag cuimhneamh ar scaradh fisiciúil a choimeád óna chéile. Glanfar na boird agus na cathaoireacha sna seomraí SET idir na grúpaí difriúla.

As láithreacht múinteoirí agus ionadaíocht

Má tá múinteoir as láthair, déanfar gach iarracht ionadaí a chur ar fáil don rang. Muna bhfuil ionadaí ar fáil don rang, ní roinnfear an rang i ngrúpaí le cur go ranganna eile. Beidh seans ann nach mbeidh na páistí in ann freastal ar scoil an lá sin agus cuirfear é seo in iúl do thuismitheoirí comh luath agus is féidir.

Dul i ngleic le cásanna amhrasta Covid-19

Ní cóir do dhaltaí freastal ar scoil má tá comharthaí ar bith COVID-19 acu. Má léiríonn dalta comharthaí an víris ar scoil, seo a leanas a tharlóidh:

Déanfar teagmháil le tuismitheoirí/caomhnóirí láithreach.
Tabharfar an dalta ag an limistéar leithlisithe ainmnithe sa scoil in éineacht le ball ainmnithe foirne a fhanfaidh 2 mhéadar amach. Déanfar cinnte go bhfanfaidh an dalta 2 mhéadar ó ghach éinne eile ar scoil.
Tabharfar clúdach aghaidhe don dalta agus caithfidh sé /sí é a fhad is atá sé ar scoil.
Déanfar cinneadh an gá don dalta dul díreach abhaile, glaoch ar a d(h)ochtúir agus leanacht le féinleithlise.
Cuirfear socruithe leithlise ar fáil don dalta murar féidir leo dul abhaile láithreach.
Iarrfar ar an dalta dea-shláinteachas lámh agus srón a chur i bhfeidhm.
Má tá an dalta sláintiúil go leor le dul abhaile, eagrófar é le ball clainne, chomh luath agus is féidir agus tabharfar comhairle dul i dteagmháil leis an dochtúir.
Má tá an dalta ró-bhreoite, cuirfear glaoch ar 999 nó 112 chun a chur in iúl gur cás amhrasta Covid-19 atá ann. Déanfar socruithe chun glantachán cuí a dhéanamh ar an limistéar leithlise agus oibre.
Cuirfidh Sláinte Poiblí FSS aon bhaill foirne/tuismitheoirí//caomhnóirí a raibh dlúth-theagmháil acu leis an gcás atá diagnóisithe ar an eolas tríd an bpróiseas um rianú teagmhálaithe agus rachaidh siad i dteagmháil leis na daoine ábhartha go léir más rud é go ndéanfar COVID-19 a dhiagnóisniú. Ba chóir treoir na Roinne Sláinte a leanacht.

Na páistí nár chóir freastal ar scoil

Ní cóir dos na páistí a leanas freastal ar scoil:

- Páistí atá diagnóisithe le Covid-19 Páistí go raibh dlúth-theagmháil acu le duine diagnóisithe le Covid-19
- Páistí a d'fhéadfadh a bheith ionfhabhtaíoch agus atá ag fanacht ar thorthaí
- Páistí a bhí i dteagmháil le daoine a d'fhéadfadh a bheith ionfhabhtaíoch agus atá ag fanacht ar thorthaí
- Páistí le fadhbanna sláinte go bhfuil treoir faighte fanacht sa bhaile

- Páistí atá tar éis filleadh ó bheith thar lear gur gá dóibh féin-leithliosú ar feadh 14 lá
- Páistí a bhíonn breoite rialta.
- Comharthaí Covid-19: Mar atá ar shuíomh na Roinne Sláinte (https://www2.hse.ie/conditions/coronavirus/symptoms)
- Fiabhras (teocht ard 38céim Celsius)
- Casacht ar bith
- Giorra anála
- Athrú nó cailliúint ar an mbolú nó blaiseadh

Ag tacú le páistí nach féidir leo freastal ar scoil

Cuirfear áiseanna agus gníomhaíochtaí cuí ar fáil d'aon dalta nach féidir freastal ar scoil ar feadh tréimhse fada. Beidh siad seo ar fáil trí ríomhphoist nó ar Seesaw nuair atá sé in usáid againn arís.

Tionchar Chás diagnóisithe COVID 19 nó Cás amhrasta

Má chuirtear in iúl don scoil go bhfuil cás diagnóisithe nó amhrasta i rang do pháiste:
Cuirfear na tuismitheoirí ar fad sa rang ar an eolas faoi
Leanfar treoracha na Roinne Sláinte.

Oideas Folláine: Dóthain codladh, gluaiseachtaí faoin aer agus gáire!

Táimid ag siúl libh ar fad a fheiceáil go luath.

Gearóidín Ní Bhaoill
Príomh Oide